Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**16322/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0426(COD)**

**DROIPEN 172**
**COPEN 466**
**JAI 1742**
**FREMP 283**
**SOC 703**
**CODEC 2110**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Nollaig 2022 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 732 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 732 final.

Faoi iamh: COM(2022) 732 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.12.2022
COM(2022) 732 final

2022/0426 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint**

{SEC(2022) 445 final} - {SWD(2022) 425 final} - {SWD(2022) 426 final} - {SWD(2022) 427 final} - {SWD(2022) 428 final}

 GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Leagtar amach sa togra seo sraith beart chun gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac ar bhealach níos fearr agus chun íospartaigh na gáinneála sin a chosaint faoin gcreat dlíthiúil atá i bhfeidhm san Aontas, is é sin Treoir 2011/36/AE[1] ("An Treoir Frithgháinneála"). Leis an Treoir Frithgháinneála, soláthraítear creat uileghabhálach an Aontais chun gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac trí rialacha íosta a leagan síos maidir le cionta coiriúla agus smachtbhannaí a shainmhíniú i réimse na gáinneála ar dhaoine, agus trí fhorálacha a thabhairt isteach chun an choir sin a chosc agus cosaint na n-íospartach a neartú, agus gné na hinscne á cur san áireamh ag an am céanna[2]. Foráiltear leis an Treoir rialacha comhchoiteanna an Aontais maidir le: (i) coiriúlú, imscrúdú agus ionchúiseamh maidir le gáinneáil ar dhaoine, lena n- áirítear sainmhíniú ar chionta, pionóis agus smachtbhannaí; (ii) cúnamh agus tacaíocht d'íospartaigh na gáinneála ar dhaoine, mar aon le cosaint; agus (iii) gáinneáil ar dhaoine a chosc[3].

Ba fhorbairt thábhachtach é glacadh na Treorach Frithgháinneála i mí Aibreáin 2011 chun feabhas a chur ar iarrachtaí an Aontais chun gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac, agus chun íospartaigh na coire sin a chosaint. Céim ríthábhachtach a bhí ann chun na rialacha ábhartha a chomhchuibhiú ó Bhallstát go chéile. Mar sin féin, tá roinnt dúshlán tagtha chun cinn nó atá tar éis éirí níos tábhachtaí ó 2011 i leith. Tugtar aghaidh orthu tríd an athbhreithniú spriocdhírithe seo ar an Treoir.

Tá trasuí ceart agus foriomlán na Treorach agus a cur chun feidhme foriomlán fós ina tosaíocht ag an gCoimisiún. I ndiaidh ghlacadh na tuarascála[4] maidir le trasuí, lean an Coimisiún den chaidreamh leis na Ballstáit agus gheall sé go n-úsáidfidh sé na cumhachtaí a tugadh dó faoi na Conarthaí chun trasuí foriomlán agus cur chun feidhme a bhforálacha a áirithiú. Trí chur chuige ildisciplíneach cuimsitheach a úsáid, ghlac an Coimisiún Straitéis an Aontais maidir leis an ngáinneáil ar dhaoine a chomhrac 2021-2025[5] ina leagtar amach gníomhaíochtaí mionsonraithe atá dírithe ar chur chun feidhme fhorálacha ábhartha Threoir 2011/36/AE a fheabhsú. Soláthraíonn sé freagairt bheartais láidir chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac, ó chosc go cosaint íospartach, go hionchúiseamh agus ciontú gáinneálaithe.

Tá forbairt tagtha ar na cineálacha dúshaothraithe ó 2011 i leith. Is iad an dúshaothrú gnéasach agus an dúshaothrú saothair na príomhchuspóirí a bhaineann leis an ngáinneáil ar dhaoine i gcónaí. Is í an gháinneáil ar dhúshaothrú gnéasach an cineál dúshaothraithe is

---

1 Treoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2002/629/CGB ón gComhairle, IO L 101, 15.4.2011, lgh. 1-11.

2 An Coimisiún Eorpach, Treochlár Meastóireachta Comhcheangailte/Measúnú ar Thionchar Tionscanta. Tag. Ares(2021)4984017 – 05/08/2021. Le fáil ag: nasc.

3 Suirbhé: Q 38, 2 údarás náisiúnta inniúla (FR, LU), 2 Rapóirtéir Náisiúnta (EL, RO), 2 údarás forfheidhmithe dlí (EL, IE), 4 eile (BG, 2 ó ES, MT), 2 eagraíocht sochaí sibhialta (BE, MT).

4 An Coimisiún Eorpach, Tuarascáil ina ndéantar measúnú ar a mhéid a rinne na Ballstáit na bearta is gá chun Treoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint a chomhlíonadh i gcomhréir le hAirteagal 23 (1), COM(2016) 722 final

5 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis an Aontais um Gháinneáil ar Dhaoine a Chomhrac 2021-2025, COM(2021) 171 final, 14.4.2021.

forleithne san Aontas Eorpach i gcónaí, agus tá níos mó ná leath de na híospartaigh go léir sa chatagóir sin, rud a dhéanann difear do mhná agus do chailíní den chuid is mó[6]. Is í an gháinneáil chun críche an dúshaothraithe saothair an dara cineál gáinneála is minice san Aontas, le líon na n-íospartach ag méadú go tapa agus ag méadú beagnach faoi dhó le cúig bliana anuas[7]. Mar sin féin, tá níos mó airde á tarraingt ag gáinneáil chun críocha eile le himeacht ama maidir le cineálacha dúshaothraithe atá san áireamh cheana féin sa Treoir Frithgháinneála (déircínteacht, dúshaothrú gníomhaíochtaí coiriúla agus baint orgán) chomh maith le cineálacha nach luaitear go soiléir inti (lena n- áirítear pósadh éigeantais agus uchtú neamhdhleathach). Is ionann céatadán foriomlán na gcuspóirí eile dúshaothraithe agus níos mó ná 10 % de na híospartaigh uile. Tá sé d'aidhm ag an togra seo an liosta neamh-uileghabhálach de chineálacha dúshaothraithe a luaitear go soiléir sa Treoir a leathnú chun pósadh éigeantais agus uchtú neamhdhleathach a áireamh, d'fhonn a áirithiú go gcumhdóidh na córais dlí náisiúnta líon níos mó cuspóirí gáinneála.

Tá athrú tagtha freisin ar *modi operandi* na ngáinneálaithe, a fheidhmíonn go minic faoi chuimsiú na coireachta eagraithe, rud a fhágann go bhfuil méadú tagtha ar bhagairt na gáinneála ar dhaoine. Cuireann an dul chun cinn sa teicneolaíocht ar chumas gáinneálaithe íospartaigh a earcú, a fhógairt agus a dhúshaothrú go cianda, agus ábhair dhúshaothraithe a roinnt go forleathan ar líne. Fágann na modhanna teicneolaíochta céanna go bhfuil sé níos deacra an choir a bhrath, déantóirí na coire a shainaithint, agus an t-airgead a úsáidtear chun cionta a dhéanamh a rianú, sin agus na brabúis a ghineann an choir. Is é is aidhm don togra seo aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le digitiú méadaitheach na gáinneála ar dhaoine agus feabhas a chur ar fhreagairt an dlí choiriúil maidir le cionta a n-éascaíonn an teicneolaíocht iad. Go háirithe le blianta beaga anuas, chuir páirtithe leasmhara ábhartha, lena n- áirítear Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh, údaráis fhorfheidhmithe dlí agus bhreithiúnacha, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, i dtábhacht an imní atá ann maidir le líon méadaitheach na gcionta gáinneála a rinneadh nó a éascaíodh trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide.

Leis an gcóras roghnach smachtbhannaí ar dhaoine dlítheanacha atá i bhfeidhm faoi láthair, chomh maith lena mhéid a dhéantar é a thrasuí agus a chur i bhfeidhm sna Ballstáit, ní chomhlíontar go leordhóthanach aidhmeanna na Treorach Frithgháinneála. Cé go n-áirithítear fós go bhfuil na smachtbhannaí éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach, féachtar leis an togra seo feabhas a chur ar fhreagairt an cheartais choiriúil ar chionta gáinneála a dhéantar ar mhaithe le daoine dlítheanacha trí dhá chóras éigeantacha éagsúla a bhfuil feidhm acu i gcás cionta caighdeánacha agus cionta troma a chur in ionad an chórais roghnaigh smachtbhannaí.

Glacadh an Treoir Frithgháinneála in 2011 roimh chreat dlíthiúil an Aontais i ndáil le calcadh agus coigistiú. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an tagairt d'fháltais a rianú, a chalcadh, a bhainistiú agus a choigistiú a thabhairt cothrom le dáta, trí thagairt shoiléir a dhéanamh do rialacha an Aontais maidir leis na hábhair sin.

D'fhéadfaí feabhas substaintiúil a chur fós ar chleachtais na mBallstát maidir le sainaithint agus atreorú go luath, ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal trasteorann araon. Go

[6] Rinneadh gáinneáil ar 51 % de na híospartaigh uile san Aontas in 2019-2020 chun críche dúshaothraithe ghnéasaigh. Is mná iad formhór (88 %), arb iad 73 % mná agus 27 % cailíní. An Coimisiún Eorpach, Tuarascáil ar an dul chun cinn atá déanta sa chomhrac in aghaidh na gáinneála ar dhaoine (an Ceathrú Tuarascáil), [Tagairt le cur isteach, a luaithe a ghlacfar í].

[7] Rinneadh gáinneáil ar 28 % d'íospartaigh an Aontais in 2019-2020 chun críoch an dúshaothraithe saothair agus is méadú suntasach é sin i gcomparáid le 2017-2018 (15 %). Ibid.

háirithe, níl sásra náisiúnta atreorúcháin i bhfeidhm ag na Ballstáit uile agus tá éagsúlacht mhór idir struchtúr agus feidhmiú sásraí den sórt sin ar fud na mBallstát. Tá sé d'aidhm ag an togra seo a áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit uile sásra náisiúnta atreorúcháin a leagan síos le dlíthe, le rialacháin nó le forálacha riaracháin, d'fhonn feidhmiú na n-institiúidí náisiúnta ábhartha a chuíchóiriú agus d'fhonn tuilleadh comhchuibhithe a dhéanamh ina struchtúir agus ina gcleachtais maidir le híospartaigh a atreorú chuig córais iomchuí cúnaimh agus tacaíochta. Beidh sé sin ar an gcéad chéim i dtreo Sásra Atreorúcháin Eorpach a bhunú.

Léiríonn an fhaisnéis a bailíodh ó staidéir a rinneadh le déanaí agus ó chomhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara ábhartha nár tháinig laghdú ar an éileamh lena gcothaítear gáinneáil d'ainneoin saibhreas na ngníomhaíochtaí ábhartha maidir le hoideachas, oiliúint agus múscailt feasachta, agus d'ainneoin thrasuí Airteagal 18(4) den Treoir Frithgháinneála i roinnt Ballstát. D'ainneoin na n-iarrachtaí ilgheallsealbhóra uile, tá an t-éileamh ar sheirbhísí gnéis, ar shaothar saor agus ar tháirgí saora fós ann. Spreagann sé sin an gháinneáil chun críche dúshaothraithe ghnéasaigh agus saothair. Is é is aidhm don togra seo comhchuibhiú breise a thabhairt ar fud na mBallstát d'fhonn an t-éileamh a laghdú. Aithnítear sa togra freisin nach bhfuil sa dlí coiriúil ach cuid den fhreagairt ar an éileamh a laghdú, agus ba cheart go leanfaí le gníomhaíochtaí oideachais, oiliúna agus múscailte feasachta a chur in éineacht leis, i gcomhréir leis an Treoir Frithgháinneála.

Is coir chasta í an gháinneáil ar dhaoine. Chun aghaidh a thabhairt go hiomchuí uirthi, tá sé ríthábhachtach brath ar shonraí atá comhleanúnach iontaofa. Mar an gcéanna le réimsí coireachta eile, meastar nach dtuairiscítear cuid mhór de chásanna gáinneála. Tá sé sin ar cheann de na tosca a chuireann bac ar thuiscint fhoriomlán ar raon feidhme na gáinneála ar dhaoine laistigh den Aontas. Ina theannta sin, tá bearnaí móra sa bhailiú sonraí maidir le cásanna tuairiscithe, agus déantar staitisticí arna mbailiú ag an gCoimisiún a phoibliú le moill shubstaintiúil i ndiaidh na tréimhse tuairiscithe. Is é is aidhm don togra seo ceangal a chur ar na Ballstáit sonraí maidir leis an ngáinneáil ar dhaoine a bhailiú agus a thuairisciú don Choimisiún gach bliain, agus bailiú sonraí a chomhchuibhiú tuilleadh, d'fhonn feabhas a chur ar a gcáilíocht agus dlús a chur le foilsiú tuarascálacha sonraí.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Glacadh an Treoir Frithgháinneála an 15 Aibreán 2011. Ní dhearnadh í a leasú ná a athbhreithniú ó shin i leith. I Straitéis an Aontais um an Aontas Slándála[8], mí Iúil 2020, aithnítear na dúshláin a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine a shainaithint, a ionchúiseamh agus a chiontú agus fógraíodh cur chuige cuimsitheach nua chun an choir sin a chomhrac. Cuireadh i dtábhacht i Straitéis an Aontais maidir le Gáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac 2021-2025 go bhfuil trasuí foriomlán agus cur chun feidhme foriomlán na Treorach Frithgháinneála fós ina dtosaíochtaí ag an gCoimisiún. Sa straitéis, iarradh go ndéanfaí meastóireacht ar chur chun feidhme na Treorach agus, más gá, bunaithe ar thoradh na meastóireachta, go ndéanfaí í a athbhreithniú.

Tá na bearta reachtacha a áirítear sa togra seo, agus na bearta neamhreachtacha a ghabhfaidh leis, i gcomhréir go hiomlán le tosaíochtaí na Straitéise: an t-éileamh lena gcothaítear gáinneáil a laghdú; an múnla coiriúil a bhriseadh chun stop a chur le dúshaothrú íospartach; íospartaigh a chosaint, a thacú agus a chumhachtú, go háirithe mná agus leanaí; agus aghaidh a thabhairt ar ghné idirnáisiúnta na coire. Baineann na leasuithe atá beartaithe le saincheisteanna roghnaithe. Is é is aidhm dóibh feabhas a chur ar éifeachtúlacht an chreata maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus i ndáil le híospartaigh na coire

[8] COM (2020) 605 final.

sin a chosaint, agus dréachtaíodh iad go comhleanúnach chun é a fhorlíonadh.

Leagtar síos leis an togra seo rialacha a chuireann le taithí na mBallstát maidir leis an Treoir Frithgháinneála a thrasuí agus a chur chun feidhme. Tugann sé aghaidh ar na forbairtí a tharla ó 2011 agus ar na treochtaí is nua a tugadh faoi deara i réimse an gháinneáil ar dhaoine a chomhrac, agus tograí le haghaidh feabhsuithe arna gcur le chéile ag raon leathan páirtithe leasmhara á gcur san áireamh. Dá réir sin, soláthraítear leis an togra seo creat lenar cheart go mbeadh córais dlí náisiúnta na mBallstát cothrom le dáta agus níos fearr chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann faoi láthair.

Cuirtear san áireamh sa togra na torthaí atá curtha i láthair ag an gCoimisiún trína thuairisciú leathbhliantúil ar an dul chun cinn atá déanta sa chomhrac in aghaidh na gáinneála ar dhaoine, de bhun Airteagal 19 agus Airteagal 20 den Treoir Frithgháinneála. Déantar é a stiúradh go heolasach trí chruinnithe de chuid Líonra an Aontais um Rapóirtéirí Náisiúnta agus Sásraí Coibhéiseacha maidir le gáinneáil ar dhaoine agus trí Ardán Shochaí Shibhialta an Aontais in aghaidh na gáinneála ar dhaoine, trí chruinnithe le Gníomhaireachtaí an Aontais, trí mheastóireacht[9] agus Measúnú Tionchair[10] na Treorach Frithgháinneála, agus trí go leor comhdhálacha, cruinnithe agus malartuithe le páirtithe leasmhara ábhartha. Leis na leasuithe atá beartaithe, cuirtear san áireamh freisin staidéir agus tuarascálacha ábhartha atá ann cheana a d'fhoilsigh eagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta.

Léiríonn an togra seo gealltanas an Choimisiúin dlúthfhaireachán a dhéanamh ar thrasuí ceart agus foriomlán na Treorach Frithgháinneála agus ar éifeachtacht na reachtaíochta náisiúnta arna trasuí. Cuirfidh an Coimisiún leis an bhfaisnéis arna tarchur ag na Ballstáit agus an trasuí a bheith déanta. Maidir leis na rialacha nua maidir le húsáid eolach seirbhísí dúshaothraithe, déanfaidh an Coimisiún faireachán ar thrasuí agus ar thionchar na reachtaíochta náisiúnta. Laistigh de [*cúig bliana i ndiaidh an sprioc-ama trasuí*], cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle ina ndéanfar measúnú ar a mhéid a rinne na Ballstáit na bearta is gá chun na rialacha nua a chomhlíonadh chomh maith le tionchar na mbeart sin.

Tá an togra seo i gcomhréir go hiomlán le Prótacal 2000 na Náisiún Aontaithe chun Gáinneáil ar Dhaoine, go háirithe ar Mhná agus ar Leanaí, a Chosc, a Chur faoi Chois agus Pionós a ghearradh ina leith, lena bhforlíontar Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta, ar páirtithe ann iad an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit uile.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Fuarthas amach sa mheastóireacht ar an Treoir Frithgháinneála go bhfuil an ionstraim dlí comhleanúnach le hionstraimí reachtacha ábhartha an Aontais. Tá na leasuithe atá beartaithe i gcomhréir freisin leis na haidhmeanna beartais atá á saothrú ag an Aontas, agus go háirithe:

– an creat lena rialaítear na caighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, go háirithe Treoir 2012/29/AE[11];

9 Doiciméad Inmheánach Oibre (2022) 427.
10 SWD (2022) 425.
11 Treoir 2012/29/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 lena mbunaítear íoschaighdeáin maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, agus lena n- ionadaítear Cinneadh Réime 2001/220/CGB ón gComhairle, IO L 315, 14.11.2012, lgh. 57-73.

- an creat maidir le smachtbhannaí agus bearta in aghaidh fostóirí náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach, go háirithe Treoir 2009/52/CE[12];
- an creat lena rialaítear eisiúint ceada cónaithe do náisiúnaigh tríú tír ar íospartaigh na gáinneála ar dhaoine iad nó a bhí faoi réir gníomhaíocht chun inimirce neamhdhleathach a éascú, a chomhoibríonn leis na húdaráis inniúla, go háirithe Treoir 2004/81/CE ón gComhairle[13];
- an creat dlí choiriúil maidir le mí- úsáid ghnéasach agus dúshaothrú gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac, go háirithe Treoir 2011/93/AE[14], chomh maith leis an gcreat chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chomhrac atá beartaithe i Rialachán (AE) XXXX/YYY [*togra le haghaidh Rialachán lena leagtar síos rialacha chun mí-úsáid ghnéasach leanaí a chosc agus a chomhrac*][15];
- an creat maidir le sócmhainní a aisghabháil agus a choigistiú, go háirithe Treoir AE/XX/YY ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [*an Treoir atá beartaithe maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní*][16].

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Leasaítear an Treoir Frithgháinneála leis an togra seo. Dá bhrí sin, tá sé bunaithe ar Airteagal 82(2) agus ar Airteagal 83(1) CFAE, arb iad bunúis dlí an ghnímh leasaithe.

- **Coimhdeacht**

I gcomhréir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ní féidir leis na Ballstáit cuspóirí an togra a ghnóthú go leordhóthanach agus is fearr, dá bhrí sin, is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais. I gcomhréir le hAirteagal 83(1) CFAE agus leis na rialacha atá ann cheana sa Treoir Frithgháinneála, tá sé de cheart ag na Ballstáit bearta a dhéanamh nó a choinneáil atá níos déine ná na bearta a leagtar amach i ndlí an Aontais.

Bunaíodh ar leibhéal an Aontais an creat dlíthiúil atá ann cheana maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus íospartaigh na gáinneála sin a chosaint, ar an gcéad dul síos le Cinneadh Réime 2002/629/CGB[17] ón gComhairle agus ina dhiaidh sin leis an Treoir Frithgháinneála. Ní féidir leis na Ballstáit feabhas a chur ar an gcreat atá ann faoi láthair agus iad ag gníomhú go féinrialaitheach. Rinneadh seiceáil chríochnúil ar an gcoimhdeacht i gcomhthéacs an Mheasúnú Tionchair ar an togra seo. Baineann gné thrasteorann na gáinneála ar dhaoine le náisiúntacht na n-íospartach agus le *modi operandi* na líonraí coiriúla a

[12] Treoir 2009/52/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 ina ndéantar foráil maidir le caighdeáin íosta i ndáil le smachtbhannaí agus bearta in aghaidh fostóirí náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach, IO L 168, 30.6.2009, lgh. 24–32.

[13] Treoir 2004/81/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir leis an gcead cónaithe arna eisiúint do náisiúnaigh tríú tír ar íospartaigh na gáinneála ar dhaoine iad nó a bhí faoi réir gníomhaíochta chun inimirce neamhdhleathach a éascú, a chomhoibríonn leis na húdaráis inniúla, IO L 261, 6.8.2004, lgh. 19-23.

[14] Treoir 2011/93/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le mí- úsáid ghnéasach agus dúshaothrú gnéasach ar leanaí agus pornagrafaíocht leanaí a chomhrac, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2004/68/CGB ón gComhairle, IO L 335, 17.12.2011, lgh. 1-14.

[15] COM (2022) 209.

[16] COM (2022) 245.

[17] Cinneadh Réime ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir leis an ngáinneáil ar dhaoine a chomhrac, 2002/629/CGB, IO L 203, 1.8.2002, lgh. 1–4.

dhéanann an choir. Léiríonn an bailiú sonraí a rinneadh i gcomhthéacs na meastóireachta gur saoránaigh de thír nach tír den Aontas Eorpaigh iad 43 % de na híospartaigh san Aontas, agus gur minic a dhéanann náisiúnaigh tríú tír gáinneáil orthu. Léirítear an ghné thrasteorann freisin sa mhéadú atá ag teacht ar líon na n- oibríochtaí agus na Laethanta Gníomhaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ó Europol agus méadú os cionn 50 % ó 2015 i leith ar líon na gcásanna gáinneála a cláraíodh le Eurojust. Is féidir gnéithe éagsúla de chionta gáinneála a dhéanamh i mBallstáit éagsúla agus/nó i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad. D'fhonn feabhas a chur ar an bhfreagairt ar ghníomhaíochtaí coiriúla, éilíonn forfheidhmiú an dlí trasteorann agus comhar breithiúnach comhchuibhiú na reachtaíochta náisiúnta ábhartha agus dea- chleachtais a mhalartú go córasach. Dá réir sin, tá comhar trasnáisiúnta bunaithe níos mó ar chomhrialacha an Aontais i réimsí éagsúla coireachta, agus ba cheart go leanfadh an gháinneáil ar dhaoine de bheith san áireamh iontu.

Mar gheall ar ábharthacht mhéadaithe ghné ar líne na coire, tá gá le gníomhaíocht ón Aontas freisin. Tugann an t-idirlíon, na meáin shóisialta agus ardáin ar líne an deis do gháinneálaithe íospartaigh a earcú, a rialú, a iompar agus a dhúshaothrú, brabúis a bhogadh agus teagmháil a dhéanamh le húsáideoirí i ngach áit gan aon teorainn a thrasnú agus iad faoi chosaint taobh thiar de scáileán. Le gníomhaíocht ar leibhéal an Aontais, ceadaítear d'údaráis fhorfheidhmithe dlí na mBallstát cionta arna n- éascú ag an teicneolaíocht a imscrúdú agus a ionchúiseamh ar bhealach níos éifeachtaí, trí fhaisnéis a mhalartú agus trí dhea- chleachtais a chomhroinnt, lena n- áirítear fianaise dhigiteach a bhailiú agus fianaise maidir le himscrúduithe airgeadais a bhailiú.

- **Comhréireacht**

Tá na leasuithe atá beartaithe teoranta don mhéid is gá chun creat an Aontais a threisiú d'fhonn gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus chun íospartaigh na gáinneála sin a chosaint. Ní théann siad thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Cuireann an togra le rialacha atá i bhfeidhm cheana agus atá i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta. Sa Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis seo tugtar tuairisc mhionsonraithe ar bhearta malartacha a d'fhéadfadh a bheith déanta chun cuspóirí an togra seo a bhaint amach.

Chun aghaidh a thabhairt ar chineálacha dúshaothraithe nach luaitear go soiléir faoi láthair sa Treoir Frithgháinneála, tá sé beartaithe pósadh éigeantais agus uchtú neamhdhleathach a chur isteach go sainráite. Meastar gur freagairt chomhréireach ar an méadú ar chéatadán na gcásanna gáinneála chun críocha eile seachas dúshaothrú gnéasach agus saothair é tabhairt isteach na gcineálacha dúshaothraithe sin atá beartaithe, ar chineálacha iad a luaitear cheana in aithrisí na Treorach.

Tá gné ar líne na coire cumhdaithe go hintuigthe cheana féin i bhforálacha atá ann faoi láthair sa Treoir Frithgháinneála, ar fhorálacha iad nach ndéanann idirdhealú idir cionta a dhéantar ar líne nó as líne. Tá sé beartaithe a lua go soiléir gur cheart gníomhartha a dhéantar trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a áireamh ar na gníomhartha intinniúla, na modhanna agus an cuspóir a bhaineann le cionta gáinneála. Is é is aidhm don mhodhnú sin freagairt an cheartais choiriúil a threisiú ar cheann de na hathruithe is tromchúisí ar thimpeallacht bhagartha an réimse coireachta seo ó ghlacadh na Treorach. Leanfaidh leibhéal na bpionós de bheith mar an gcéanna le leibhéal na gcionta caighdeánacha, cé nach gcuirtear cosc ar na Ballstáit córas níos déine a ghlacadh.

Maidir leis na smachtbhannaí ar dhaoine dlítheanacha, tá sé beartaithe córas éigeantach smachtbhannaí a bhunú le haghaidh na gcionta caighdeánacha i ndáil le heisiamh ón teidlíocht sochair phoiblí, cabhair nó fóirdheontais a fháil; agus dúnadh sealadach nó buan bunaíochtaí a

úsáideadh chun na cionta a dhéanamh. Tá na smachtbhannaí sin i measc an chórais roghnaigh sa Treoir Frithgháinneála atá ann faoi láthair. Cuireadh córas éigeantach smachtbhannaí sa bhreis ar bun maidir le cionta a rinneadh níos measa de bharr na gcúinsí in Airteagal 4(2), lena n- áirítear dícháiliú sealadach nó buan ó ghníomhaíochtaí tráchtála a chleachtadh; cur faoi mhaoirseacht bhreithiúnach; agus foirceannadh breithiúnach. Bhí na smachtbhannaí sin chomh maith mar chuid den chóras roghnach smachtbhannaí do dhaoine dlítheanacha sa Treoir Frithgháinneála atá ann faoi láthair. Leis na bearta sin, is féidir an fhreagairt bhreithiúnach ar chionta gáinneála a dhéanann daoine dlítheanacha a neartú, agus cur chuige comhréireach maidir le smachtbhannaí a ghlacadh ag an am céanna, atá bunaithe ar thrasuí éigeantach na mbeart uile ach is é atá i gceist ná go dtugtar aghaidh ar chionta níos déine le smachtbhannaí níos déine ná iad siúd atá beartaithe maidir le cionta caighdeánacha.

Meastar gur beart íosta é Sásra Náisiúnta Atreorúcháin a bhunú go foirmiúil trí dhlíthe náisiúnta, rialacháin nó forálacha riaracháin chun atreorú íospartach sainaitheanta a fheabhsú, toisc go gcuireann sé leis an oibleagáid atá ann cheana faoi Airteagal 11(4) den Treoir Frithgháinneála, lena gcuirtear ceangal ar na Ballstáit sásraí iomchuí a bhunú a bheidh dírithe ar íospartaigh a shainaithint go luath, cúnamh a thabhairt dóibh agus tacaíocht a thabhairt dóibh, i gcomhar le heagraíochtaí tacaíochta ábhartha. Tá sé d'aidhm ag na sásraí atreorúcháin a chur ar bhonn foirmiúil feabhas a chur ar shainaithint luath agus atreorú pras chuig seirbhísí cúnaimh agus tacaíochta. Chun éifeachtacht an bhirt sin a fheabhsú, éilítear ar na Ballstáit pointí fócasacha náisiúnta a cheapadh a bheidh i gceannas ar sheirbhísí inniúla a shainaithint agus ar atreorú íospartach ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais a chomhordú.

Is beart reachtach comhréireach é an leasú lena leagtar síos mar chion coiriúil seirbhísí a úsáid arb é is aidhm dóibh dúshaothrú a dhéanamh agus i bhfios gur íospartach ciona gáinneála é an duine (i.e. úsáid eolach na seirbhísí saothraithe) a bhfuil sé d'aidhm aige gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac ar bhealach níos éifeachtaí trí éileamh a dhíspreagadh, i gcomhréir le cuspóirí na Treorach Frithgháinneála. Tá saoirse i gcónaí ag na Ballstáit cur chuige níos déine a ghlacadh maidir le seirbhísí dúshaothraithe a úsáid, agus é á mheas acu nach bhfuil bearta laghdaithe éilimh teoranta do fhreagairt an dlí choiriúil ach go n-áirítear leo bearta neamhreachtacha i gcomhréir leis an Treoir Frithgháinneála, i.e. feachtais oideachais, oiliúna, faisnéise agus múscailte feasachta, cláir taighde agus oideachais.

Is beart íosta é an ceanglas maidir le bailiú bliantúil sonraí arb é is aidhm dó feabhas a chur ar bhailiú faisnéise agus staitisticí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais. Leis an mbeart seo, ghiorrófaí na tréimhsí tuairiscithe ó dhá bhliain go haon bhliain amháin agus d'áiritheofaí faireachán cothrom le dáta nach gcuirtear bac air de bharr an achair ama idir deireadh thréimhse tuairiscithe an bhailithe sonraí agus foilsiú na tuarascála (dhá bhliain faoi láthair). Comhfhreagraíonn na catagóirí íosta bailithe sonraí a áirítear sa leasú do na catagóirí sin a bhailíonn an Coimisiún faoi láthair ar bhonn dhá bhliain.

- **An rogha ionstraime**

Is leasú é an togra seo ar an Treoir Frithgháinneála agus, dá bhrí sin, is treoir é.

Ní féidir aon mhodh malartach, bíodh sé reachtach ná oibríochtúil, a úsáid chun cuspóirí an togra seo a bhaint amach, is é sin feabhas a chur ar an gcreat atá ann cheana lena gcumasaítear gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus íospartaigh na coire sin a chosaint.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR

MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an Treoir Frithgháinneála, a bhí ar cheann de na príomhghníomhaíochtaí a beartaíodh i Straitéis an Aontais maidir le Gáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac 2021-2025[18]. Bunaíodh an mheastóireacht ar an mbailiú sonraí don tréimhse 2013-2020 a rinne Eurostat, ar thuarascáil ar thrasuí na Treorach Frithgháinneála ar an leibhéal náisiúnta agus ar a gcur chun feidhme sna Ballstáit, ar an gComhairliúchán Poiblí Oscailte, ar mhalartuithe le Gníomhaireachtaí an Aontais, leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara eile, ar thuarascálacha agus ar dhoiciméid a d'fhoilsigh nó a chuir Eagraíochtaí Idirnáisiúnta agus Réigiúnacha isteach.

Fuarthas amach sa mheastóireacht go raibh an Treoir Frithgháinneála éifeachtach maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac, agus i ndáil le cosaint d'íospartaigh na coire sin a fheabhsú. Fuarthas go raibh an Treoir éifeachtúil freisin, i dtéarmaí na dtairbhí a bhain léi i gcomparáid leis na costais a bhain lena glacadh, lena trasuí agus lena cur chun feidhme. Measadh go raibh sé comhleanúnach le gníomhaíochtaí ábhartha uile an Aontais agus idirnáisiúnta. Chuir an mheastóireacht i dtábhacht breisluach AE maidir le feabhas a chur ar an gcomhar trasteorann, lena n- áirítear comhar le Gníomhaireachtaí an Aontais. Tá cuspóirí na Treorach fós ábhartha. Mar sin féin, ní mór aghaidh níos mó a thabhairt ar roinnt dúshlán agus forbairtí.

Tugadh faoi deara sa mheastóireacht go raibh impleachtaí suntasacha ag roinnt forbairtí a tharla ó glacadh an Treoir ar an tírdhreach maidir le gáinneáil ar dhaoine. Chruthaigh dul chun cinn teicneolaíoch agus leathnú na meán sóisialta deiseanna nua do gháinneálaithe íospartaigh a earcú ar líne, cianrialú a dhéanamh orthu agus lucht féachana leathan úsáideoirí a shroicheadh trí ábhar dúshaothraithe a chomhroinnt go forleathan. D'fhéadfadh an géarchor eacnamaíoch mar thoradh ar phaindéim COVID- 19 agus an ghéarchéim fuinnimh an t- éileamh ar sheirbhísí saora saothair agus ar sheirbhísí gnéis a mhéadú, rud a chuireann le dúshaothrú saothair agus le dúshaothrú gnéasach. Méadaíonn cogaí, go háirithe ionsaí míleata na Rúise in aghaidh na hÚcráine, deiseanna do gháinneálaithe leas a bhaint as staid leochaileach na ndaoine, go háirithe mná agus leanaí atá ag teitheadh óna dtír féin.

Mar gheall ar na forbairtí nua, sainaithníodh réimsí ina bhféadfaí feabhas a chur ar an gcreat dlíthiúil sa mheastóireacht. Áirítear orthu sin aghaidh a thabhairt ar chineálacha dúshaothraithe nach luaitear go soiléir sa Treoir Frithgháinneála, aghaidh a thabhairt ar ghné ar líne na coire, freagairt an cheartais choiriúil ar chionta arna ndéanamh ag daoine dlítheanacha a mhéadú, an t-éileamh a laghdú, íospartaigh a shainaithint go luath, agus sonraí a bhailiú.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

D'fhoilsigh an Ard-Stiúrthóireacht um Imirce agus Gnóthaí Baile (AS um Imirce agus Gnóthaí Baile) an treochlár meastóireachta comhcheangailte agus an measúnú tionchair tosaigh don tionscnamh ar leathanach gréasáin an Choimisiúin 'Cloisimis uait'[19] an

[18] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis an Aontais um Gháinneáil ar Dhaoine a Chomhrac 2021-2025, COM (2021) 171 final, 14.4.2021.

[19] Gáinneáil ar dhaoine a chomhrac — athbhreithniú ar rialacha an Aontais (europa.eu).

5 Lúnasa 2021 go dtí an 16 Meán Fómhair 2021. Fuair an Coimisiún aiseolas ó 36 pháirtí leasmhar.

Tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún rannpháirtíocht leathan páirtithe leasmhara a áirithiú i rith thimthriall beartais an tionscnaimh seo, trí shraith comhairliúchán spriocdhírithe (teagmhálacha déthaobhacha, cruinnithe le páirtithe leasmhara, comhairliúcháin i scríbhinn). Reáchtáladh comhairliúcháin leis na Ballstáit agus le hionadaithe a n-údarás poiblí, lena n- áirítear i gcomhthéacs Líonra an Aontais de Rapóirtéirí Náisiúnta agus Sásraí Coibhéiseacha um Gháinneáil ar Dhaoine; ionadaithe Pharlaimint na hEorpa; gníomhaireachtaí an Aontais, go háirithe Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh maidir le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL), an Ghníomhaireacht um Chearta Bunúsacha (FRA), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA), an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (FRONTEX), an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) agus an tÚdarás Eorpach Saothair (ELA); ionadaithe eagraíochtaí ábhartha réigiúnacha agus idirnáisiúnta atá gníomhach i réimse na frithgháinneála ar dhaoine; ionadaithe eagraíochtaí na sochaí sibhialta atá gníomhach i réimse na frithgháinneála ar dhaoine, lena n- áirítear i gcomhthéacs Ardán an Aontais Eorpaigh in aghaidh na Gáinneála ar Dhaoine.

Rinne an Coimisiún Comhairliúchán Poiblí freisin agus é mar aidhm aige faisnéis, fianaise agus tuairimí a bhailiú maidir le ceisteanna a bhaineann le cur chun feidhme agus meastóireacht na Treorach Frithgháinneála. Bailíodh na sonraí trí cheistneoir lena gcumhdaítear an mheastóireacht ar an Treoir Frithgháinneála agus an t-athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh uirthi. Fuarthas 124 fhreagra, chomh maith le 75 aighneacht aonair.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Cuireann an togra seo le fianaise a bailíodh mar chuid den mheastóireacht agus den Mheasúnú Tionchair, lena n- áirítear comhairliúcháin le húdaráis inniúla na mBallstát agus le saineolaithe maidir le gáinneáil ar dhaoine. Bhí rapóirtéirí náisiúnta agus sásraí coibhéiseacha, údaráis forfheidhmithe dlí agus bhreithiúnacha, údaráis náisiúnta atá freagrach as seirbhísí sóisialta, Gníomhaireachtaí an Aontais, Eagraíochtaí Idirnáisiúnta, eagraíochtaí sochaí sibhialta, comhlachais fostóirí, agus saineolaithe, lena n- áirítear ón saol acadúil, páirteach sna comhairliúcháin.

Cuirtear san áireamh sa togra malartuithe ábhartha agus torthaí ábhartha na staidéar a rinne Eagraíochtaí Réigiúnacha agus Idirnáisiúnta, chomh maith le heagraíochtaí neamhrialtasacha atá gníomhach sa réimse frithgháinneála, dá dtagraítear sa mheabhrán míniúcháin[20].

- **Measúnú tionchair**

Tá an Measúnú Tionchair a ghabhann leis an togra seo bunaithe ar thorthaí na meastóireachta a rinne an Coimisiún. Cuireadh na roghanna seo a leanas san áireamh leis:

– Pacáiste beart neamhreachtach, a chuirfeadh tuilleadh tacaíochta ar fáil do na Ballstáit chun an Treoir Frithgháinneála a chur chun feidhme agus a chuideodh le creat dlíthiúil agus beartais an Aontais in aghaidh na gáinneála ar dhaoine a neartú.

[20] Choimisiúnaigh an Coimisiún staidéar chomh maith chun tacú le meastóireacht na Treorach maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, agus measúnú tionchair le haghaidh togra reachtaigh ar an topaic. Rinne comhairleoirí seachtracha an staidéar idir 27 Deireadh Fómhair 2021 agus 21 Iúil 2022.

Chun tógáil ar Straitéis an Aontais maidir le Gáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac 2021-2025, d'áireofaí leis Mol Eolais agus Saineolais a bhunú; gníomhaíochtaí atá dírithe ar chomhar le comhlachtaí teicneolaíochta a atreisiú, lena n- áirítear ardáin meán sóisialta; Grúpa Fócais ionchúisitheoirí atá speisialaithe i ngáinneáil ar dhaoine a bhunú; agus feachtas múscailt feasachta ar fud an Aontais a eagrú.

– Pacáiste athruithe reachtacha a nuachóireodh an Treoir Frithgháinneála chun aghaidh a thabhairt ar bhealach níos fearr ar dhúshláin a bhfuil tábhacht tar éis teacht orthu ón uair a glacadh í. D'áireofaí leis aghaidh a thabhairt ar ghné ar líne na coireachta; lena n- áirítear cineálacha nua dúshaothraithe don sainmhíniú; an córas smachtbhannaí in aghaidh daoine dlítheanacha agus an creat dlíthiúil a bhaineann le coiriúlú úsáid na seirbhísí dúshaothraithe a neartú; sásraí foirmiúla atreorúcháin a bhunú trí dhlíthe, rialacháin nó fhorálacha riaracháin agus pointí fócasacha náisiúnta d'atreorú a cheapadh; é a chur de cheangal ar Bhallstáit cion a thabhairt isteach maidir le húsáid seirbhísí a éilítear ar íospartaigh na gáinneála ar dhaoine; agus é a chur de cheangal ar Bhallstáit sonraí maidir le táscairí gáinneála ar dhaoine a bhailiú agus a thuairisciú gach bliain.

– Pacáiste ina gcomhcheanglaítear na bearta neamhreachtacha agus reachtacha a leagtar amach thuas.

Sa Mheasúnú Tionchair, suíodh go mbeadh an tríú rogha, bearta reachtacha agus neamhreachtacha a chomhcheangal, níos éifeachtaí ná bearta d'aon típeolaíocht amháin chun an creat reatha a fheabhsú.

Aimsíodh trí bheart reachtacha chun freagairt an cheartais choiriúil ar gháinneáil ar dhaoine a threisiú lena n- áirítear sa chomhthéacs trasteorann: (i) aghaidh a thabhairt ar an ngné ar líne go sainráite sa Treoir; (ii) tagairt shainráite a dhéanamh do phósadh éigeantais agus d'uchtú neamhdhleathach laistigh de liosta na gcineálacha dúshaothraithe; (iii) dhá chóras smachtbhannaí éigeantacha ar dhaoine dlítheanacha a thabhairt isteach, ceann amháin chun smachtbhannaí a chur ar chionta caighdeánacha agus ceann eile chun smachtbhannaí a chur ar chionta troma. Aimsíodh bearta neamhreachtacha chomh maith: (i) comhar a chothú idir an Coimisiún agus cuideachtaí idirlín i gcomhthéacs Fhóram Idirlín an Aontais; agus (ii) grúpa fócais ionchúisitheoirí atá speisialaithe in aghaidh na gáinneála ar dhaoine a bhunú.

Chun é a áirithiú go bhfaigheann íospartaigh na gáinneála ar dhaoine cúnamh, tacaíocht agus cosaint iomchuí, éilíonn an beart reachtach atá aimsithe ar Bhallstáit bunú Shásraí Náisiúnta Atreorúcháin a chur ar bhonn foirmiúil agus pointí fócasacha náisiúnta a chruthú chun íospartaigh a atreorú chuig seirbhísí cúnaimh, tacaíochta agus cosanta iomchuí. Tá beart neamhreachtach a bhaineann le forbairt na dtreoirlínte maidir le híoscheanglais do Shásraí Náisiúnta Atreorúcháin ag gabháil leis sin.

Chun an t- éileamh ar sheirbhísí a chothaíonn na cineálacha dúshaothraithe go léir a laghdú, baineann an beart reachtach atá aimsithe le húsáid seirbhísí arb í is aidhm dóibh dúshaothrú a dhéanamh i bhfios gurb íospartach ciona gáinneála é an duine a bhunú mar chion cóiriúil. I gcomhréir le cur chuige cuimsitheach chun laghdú a éileamh, comhlánófar é sin le beart neamhreachtach a bhaineann le feachtas múscailt feasachta ar fud an Aontais, arb é is aidhm dó an t- éileamh a chothaíonn an gháinneáil a dhíspreagadh.

A mhéid a bhaineann leis an gcuspóir cothrománach lena n- áirithiú go ndéanfar an gháinneáil ar dhaoine san Aontas a chosc, a bhrath agus an faireachán a fheabhsú go leordhóthanach, éilítear leis an mbeart reachtach atá aimsithe bailiú bliantúil sonraí ar gháinneáil. Tá dhá bheart neamhreachtacha ag gabháil leis sin: (i) treoirlínte a fhorbairt maidir

le bailiú sonraí ar gháinneáil ar dhaoine san Aontas; agus (ii) Mol Eolais agus Saineolais ar Gháinneáil ar Dhaoine a Chomhrac a bhunú.

Díríonn an rogha thosaíochta, a chuirtear i láthair thuas, ar inniúlacht na mBallstát chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac go héifeachtach a fheabhsú, go háirithe i ndáil leis na bagairtí agus leis na treochtaí a tháinig chun cinn nó ar tháinig forbairt orthu ó ghlacadh na Treorach Frithgháinneála. Táthar ag súil go gcuirfidh na rialacha comhchoiteanna agus comhchuibhithe, a chuirtear san áireamh sa leasú seo, feabhas ar an gcomhar trasteorann, ó thaobh imscrúduithe agus ionchúisimh de, chomh maith le cúnamh agus tacaíocht d'íospartaigh na gcionta gáinneála. Tá sé mar aidhm ag na bearta neamhreachtacha a ghabhann leis na modhnuithe reachtacha tuilleadh tacaíochta a thabhairt do Bhallstáit chun an Treoir agus Straitéis an Aontais maidir le Gáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac 2021-2025 a chur chun feidhme.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

I gcomhréir le Clár um Oiriúnacht agus Feidhmíocht Rialála an Choimisiúin (REFIT), ba cheart go bhféachfadh na tionscnaimh go léir, arb í is aidhm dóibh reachtaíocht reatha an Aontais a athbhreithniú, le cuspóirí beartais atá luaite a shimpliú agus a sholáthar ar bhealach níos éifeachtúla (i.e. trí chostais rialála neamhriachtanacha agus an t- ualach riaracháin ar Bhallstáit a laghdú). Tháinig an Measúnú Tionchair ar an gconclúid go mbeadh ualach teoranta ag na bearta a leagtar amach sa Treoir atá beartaithe, a bheadh sáraithe ag tionchar dearfach na mbeart atá beartaithe.

Is é is aidhm do na leasuithe dírithe atá beartaithe don Treoir feabhas a chur ar inniúlacht na mBallstát chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac ar bhealach níos éifeachtúla, go háirithe maidir le bagairtí agus le treochtaí a tháinig chun cinn agus ar tháinig forbairt orthu ó ghlacadh na Treorach. Déanfar an teaglaim dhlíthiúil lena dtugtar aghaidh ar gháinneáil ar dhaoine ar fud na mBallstát a chomhchuibhiú a thuilleadh leis an tionscnamh. Táthar ag súil go gcuirfidh na rialacha nua feabhas ar chomhar trasteorann, ó thaobh imscrúduithe agus ionchúisimh de, chomh maith le cúnamh agus tacaíocht na n- íospartach.

- **Cearta bunúsacha**

Luaitear in Airteagal 6(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach go n- aithníonn an tAontas na cearta, na saoirsí agus na prionsabail bhunúsacha a leagtar amach sa Chairt um Chearta Bunúsacha. Toirmisctear go sainráite in Airteagal 5 den Chairt sclábhaíocht, obair éigeantais agus gáinneáil ar dhaoine.

Áirítear leis na bearta atá beartaithe forálacha dlí chun freagra leordhóthanach a thabhairt ar na rioscaí a bhaineann leis an gcoireacht seo agus chun cúnamh, tacaíocht agus cosaint a thabhairt do na híospartaigh. Is é is aidhm do thuilleadh cineálacha dúshaothraithe, do na forálacha a bhaineann le gné idirnáisiúnta na coireachta, don chóras smachtbhannaí ar dhaoine dlítheanacha agus do choiriúlú na húsáide eolaí de sheirbhísí dúshaothraithe a chuirtear san áireamh go sainráite aghaidh a thabhairt ar gháinneáil ar dhaoine ar bhealach níos éifeachtúla. Tá na forálacha sin, agus sásraí náisiúnta atreorúcháin a chur ar bhonn foirmiúil, le cosaint íospartach na gáinneála ar dhaoine a leathnú. Tá tionchar ag cosaint na n- íospartach ar chearta bunúsacha eile amhail cosaint ar dhínit an duine, ar an gceart chun iomláine an duine, ar thoirmeasc ar chéastóireacht agus ar íde nó ar phionós atá mídhaonna nó táireach, agus ar an gceart chun saoirse agus slándála.

Rinneadh anailís chuí agus measúnú deimhneach ar na bearta reachtacha chomh maith i

bhfianaise chearta an linbh, toirmisc ar shaothar leanaí, chearta daoine atá faoi mhíchumas, an chearta chun tearmainn, cosanta in aghaidh aistrithe, díbeartha nó eiseachadta, phrionsabal an neamh- idirdhealaithe, agus comhionannais idir mná agus fir.

Rinneadh anailís go mion ar na forálacha lena dtugtar cionta nó smachtbhannaí nua isteach, nó lena leasaítear sainmhíniú an chionta i bhfianaise an chearta chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach córa, thoimhde na neamhchiontachta agus an chearta cosanta, phrionsabail na ndlíthiúlachta agus na gcomhréireachta, agus an chearta chun nach ndéanfar duine a thriail ná a phionósú faoi dhó in imeachtaí coiriúla i ngeall ar an gcion coiriúil céanna.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl tionchar buiséadach ag an togra ar bhuiséad an Aontais.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

I gcomhréir le hAirteagal 2 den togra seo, éilítear ar na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin a bhfuil gá leo chun é a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoi [*dhá bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach*] ar a dhéanaí agus téacs na bhforálacha sin a chur in iúl don Choimisiún.

Déanfaidh an Coimisiún faireachán agus meastóireacht ar thionchar an togra seo trí shásraí atá i bhfeidhm cheana féin de bhun na Treorach atá ann faoi láthair. D’fhanfadh tascanna na Rapóirtéirí Náisiúnta agus Sásraí Coibhéiseacha mar an gcéanna faoi Airteagal 19 den Treoir: tomhas a dhéanamh ar thorthaí na ngníomhaíochtaí frithgháinneála, lena n- áirítear staitisticí a bhailiú i ndlúthchomhar le heagraíochtaí sochaí sibhialta ábhartha atá gníomhach sa réimse sin, agus tuairisciú a dhéanamh do Chomhordaitheoir Frithgháinneála an Aontais i gcomhthéacs an tuairiscithe a dhéanann an Coimisiún gach dhá bhliain ar an dul chun cinn atá déanta sa chomhrac in aghaidh na gáinneála ar dhaoine. D’áireofaí leis sin faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar thionchair an tionscnaimh.

Reáchtálfaidh an Coimisiún na cruinnithe de Líonra an Aontais um Rapóirtéirí Náisiúnta agus Ardán Shochaí Shibhialta an Aontais in aghaidh na gáinneála ar dhaoine a tharlaíonn gach dhá bhliain go fóill, chomh maith le cruinnithe le Gníomhaireachtaí an Aontais a oibríonn in aghaidh na gáinneála. Cuirfidh na malartuithe sin leis an bhfaireachán agus leis an meastóireacht chomh maith.

Tugtar isteach sa togra seo ‘cionta nua a bhaineann le húsáid seirbhísí arb í is aidhm dóibh dúshaothrú a dhéanamh i bhfios gur íospartach é an duine de chion a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine’. De bhun Airteagal 23(3) atá beartaithe, éilítear ar an gCoimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, ina ndéanfar measúnú ar a mhéid a rinne na Ballstáit na bearta a bhfuil gá leo chun na rialacha nua a chomhlíonadh agus ar thionchar na mbeart sin.

- **Doiciméid mhíniúcháin**

Chun cur chun feidhme ceart na Treorach seo a áirithiú, bheadh an doiciméad míniúcháin, e.g. i bhfoirm táblaí comhchoibhnis, riachtanach, mar a éilítear ag breithiúnas ón gCúirt Breithiúnais i gcás C-543/17. Is annamh a bhíonn an reachtaíocht lena dtrasuitear an Treoir Frithgháinneála teoranta do théacs dlíthiúil amháin, toisc go ndéantar na forálacha a

ionchorprú go minic in ionstraimí náisiúnta éagsúla. Ar an gcúis sin, tá sé riachtanach go soláthraíonn na Ballstáit doiciméad míniúcháin a chuireann na nithe seo a leanas in iúl don Choimisiún, téacs na bhforálacha arna nglacadh i dtrasuí na Treorach sin, an chaoi a n- idirghníomhaíonn forálacha den sórt sin le chéile leis na forálacha arna nglacadh chun Treoir 2011/36/AE a thrasuí agus le forálacha a chumhdaítear le beartais ábhartha eile an Aontais, dá dtagraítear i gCuid 1 den mheabhrán reachtach seo.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Díríonn na leasuithe ar an Treoir Frithgháinneála ar na míreanna seo a leanas:

(a) Pósadh éigeantais mar chineál foréigin faoi leith in aghaidh na mban agus na gcailíní agus uchtú neamhdhleathach a áireamh laistigh de liosta na gcineálacha dúshaothraithe

Leagtar amach faoi láthair in Airteagal 2(3) liosta neamh- uileghabhálach de chineálacha dúshaothraithe lena n- áirítear dúshaothrú striapachais daoine eile nó cineálacha eile dúshaothraithe ghnéasaigh, obair éigeantais nó seirbhísí, lena n- áirítear déircínteacht, sclábhaíocht nó cleachtais atá cosúil le sclábhaíocht, daoirse nó dúshaothrú gníomhaíochtaí cóiriúla, nó baint orgán.

Léiríonn na sonraí arna mbailiú gur tháinig forbairt sheasta ar chionta gáinneála a dhéantar chun críocha seachas dúshaothrú gnéasach nó saothair ó ghlacadh na Treorach, ionann is 11 % de na híospartaigh go léir san Aontas in 2020. Thairis sin, cé nach liosta neamh- uileghabhálach é an ceann atá in Airteagal 2(3) toisc go n- áirítear leis na cineálacha dúshaothraithe 'íosta', agus d'ainneoin go soiléiríonn Aithris 11 go gcumhdaítear sa sainmhíniú gáinneáil ar dhaoine ó thaobh iompraíochta eile amhail uchtú neamhdhleathach nó pósadh éigeantais, tá sé de nós ag Ballstáit srian a chur ar thrasuí na forála sin trí thagairt a dhéanamh do na cineálacha dúshaothraithe amháin a áirítear go sainráite in Airteagal 2(3).

Agus na sonraí arna mbailiú ar eachtraí gáinneála seachas dúshaothrú gnéasach agus saothair á gcur san áireamh, beartaíonn an Coimisiún pósadh éigeantais agus uchtú neamhdhleathach a áireamh go sainráite laistigh de liosta neamh- uileghabhálach na gcineálacha dúshaothraithe in Airteagal 2(3). Cuideoidh sé sin níos fearr le córais dlí na mBallstát, chomh maith lena gcuid údarás forfheidhmithe dlí agus breithiúnach, chun gáinneáil ar dhaoine a chomhrac go héifeachtach chun críocha an dá chineál dúshaothraithe sin.

(b) Tagairt shainráite a dhéanamh don ghné ar líne laistigh den Treoir

Cuimsíonn gnéithe na gcionta gáinneála, mar a shainmhínítear sa Treoir, na hachtanna idirnáisiúnta agus na modhanna in Airteagal 2(1), chomh maith leis na cineálacha dúshaothraithe in Airteagal 2(3). Ní dhéanann na forálacha atá ann faoi láthair aon tagairt i dtaobh an bhfuil gnéithe den sórt sin le bheith déanta ar líne nó as líne chun iad a choiriúlú agus a phionósú.

Tá na páirtithe leasmhara go léir, lena n- áirítear údaráis forfheidhmithe dlí, eagraíochtaí idirnáisiúnta agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, an- imníoch mar gheall ar líon méadaitheach na gcionta a dhéantar nó a éascaítear trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide. Soláthraítear leo ardán chun gníomhartha intinniúla a dhéanamh (earcú, iompar, aistriú, tearmannú nó glacadh daoine a eagrú nó a dhéanamh, lena n- áirítear malartú aistrithe íospartach nó rialaithe orthu), cuid de na modhanna ar a laghad (comhéigean, calaois, caimiléireacht, mí- úsáid cumhachta nó staid leochaileachta nó íocaíochtaí nó sochair a thabhairt nó a fháil chun toiliú duine a fháil a bhfuil smacht acu ar dhuine eile) nó roinnt

cineálacha dúshaothraithe (go háirithe dúshaothrú gnéasach).

Ina leith sin, beartaíonn an Coimisiún Airteagal 2a nua a chur leis, ina luaitear go sainráite go n- áireofar gníomhartha a rinneadh trí bhíthin teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide leis na gníomhartha intinniúla agus modhanna dá dtagraítear in Airteagal 2(1) chomh maith le dúshaothrú mar a shainmhínítear in Airteagal 2(3). Áiritheofar leis sin go gcuirtear gné ar líne na coireachta san áireamh maidir le gach gné de na cionta gáinneála.

(c) Córas smachtbhannaí éigeantach ar dhaoine dlítheanacha a thabhairt isteach a dhéanann idirdhealú idir cion caighdeánach agus cionta troma

Foráiltear faoi láthair le hAirteagal 6 go ndéanann Ballstáit na bearta a bhfuil gá leo chun é a áirithiú go bhfuil duine dlítheanach faoi dhliteanas le haghaidh cionta gáinneála faoi réir smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha, a mbeidh fíneálacha coiriúla nó neamhchoiriúla san áireamh leo. Cuirtear leis sin in Airteagal 6 go bhféadfaí a áireamh sna smachtbhannaí den sórt sin cúig bheart roghnacha do Bhallstáit le trasuí: (a) eisiamh ó theidlíocht i leith sochar poiblí nó cúnaimh phoiblí; (b) dícháiliú sealadach nó buan ó ghníomhaíochtaí tráchtála a fheidhmiú; (c) cur faoi mhaoirseacht bhreithiúnach; (d) foirceannadh breithiúnach; (e) dúnadh sealadach nó buan bunaíochtaí ar baineadh úsáid astu chun an cion a dhéanamh.

Léiríonn an measúnú ar thrasuí an Airteagail sin nár thrasuigh ach mionlach de na Ballstáit na bearta roghnacha go léir, gur thrasuigh formhór na mBallstát cuid díobh, agus nár thrasuigh roinnt Ballstát ach mionlach de na bearta sin cé go bhfuil fíneálacha coiriúla nó neamhchoiriúla i bhfeidhm ag na Ballstáit go léir (i gcomhréir leis an gcuid éigeantach den fhoráil). Measann an Coimisiún go bhfuil sé ríthábhachtach feabhas a chur ar ghníomhaíocht in aghaidh daoine dlítheanacha go ndéantar cionta gáinneála ar a son. Neartaíonn glacadh córais éigeantaigh gné an cheartais choiriúil den fhreagairt. An tráth céanna, tá sé riachtanach cur chuige comhréireach a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 6 atá ann faoi láthair.

Beartaíonn an Coimisiún, dá bhrí sin, Airteagal 6 a leasú trína leagan síos go n- aireofar eisiamh ón teideal chun sochar poiblí, cúnaimh nó fóirdheontas, más iomchuí, leis na smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha in ionad liosta na smachtbhannaí roghnacha; agus dúnadh sealadach nó buan bunaíochtaí a úsáideadh chun an cion a dhéanamh. Sin é an córas a chuirtear i bhfeidhm i gcás ina bhfuil daoine dlítheanacha faoi dhliteanas le haghaidh ciona gáinneála chaighdeánaigh. Comhlánaítear agus forbraítear an liosta smachtbhannaí roghnach atá ann faoi láthair trí fhóirdheontais a chur leis, agus d’fhonn cosc a chur ar dhaoine dlítheanacha a ciontaíodh i leith cionta gáinneála ó chineálacha cúnaimh phoiblí den sórt sin a fháil.

Cuirtear mír 2 leis na cásanna ina bhfuil daoine dlítheanacha faoi dhliteanas le haghaidh ciona atá á ghéarú ag aon chúinse a leagtar amach in Airteagal 4(2). Sna cásanna sin, más iomchuí, áirítear leis na smachtbhannaí ar dhaoine dlítheanacha: dícháiliú sealadach nó buan ó ghníomhaíochtaí tráchtála a fheidhmiú; cur faoi mhaoirseacht bhreithiúnach, foirceannadh breithiúnach.

Tá sé i gceist ag an gCoimisiún, leis an gcur chuige sin, córais na smachtbhannaí in aghaidh daoine dlítheanacha a dhéanamh éigeantach, agus d’fhonn an fhreagairt ceartais choiriúil in aghaidh daoine dlítheanacha atá páirteach i gcionta gáinneála a neartú. Úsáideann sé na bearta céanna, atá roghnach in Airteagal 7 atá ann faoi láthair. Áirithítear comhréireacht leis an gcur chuige sin, toisc go mbeartaíonn sé dhá smachtbhanna dhiana do chionta caighdeánacha agus trí smachtbhanna níos crua do chionta troma. Áirithítear go dtugtar meas do phrionsabal na

comhréireachta agus do dhiscréid údaráis na mBallstát trí ‘más iomchuí’ a chur isteach roimh an dá chóras smachtbhannaí.

(d) Tagairt a dhéanamh do chreat dlíthiúil ar chalcadh agus ar choigistiú

Éilítear ar Bhallstáit i dtéacs reatha Airteagal 7 é a áirithiú go bhfuil a n- údaráis inniúla i dteideal ionstraimeachtaí agus fáltais ó na cionta dá dtagraítear in Airteagal 2 agus in Airteagal 3 a urghabháil agus a choigistiú. Glacadh an Treoir Frithgháinneála, agus an tAirteagal sin dá réir, roimh chreat dlíthiúil an Aontais ar chalcadh agus ar choigistiú.

Dá réir sin, beartaíonn an Coimisiún tagairt shainráite a dhéanamh do rialacha an Aontais maidir le rianú, calcadh, bainistiú agus coigistiú, go háirithe Treoir AE/XX/YY ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [*an Treoir atá beartaithe maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní*][21]. I gcomhréir leis an airteagal atá beartaithe, éileofar ar Bhallstáit é a áirithiú go mbeidh a n- údaráis inniúla i dteideal, i gcomhréir le Treoir AE/XX/YY ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [*Treoir atá Beartaithe maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní*][22], na fáltais a gheofar ó na cionta, dá dtagraítear sa Treoir mar a leasaítear í, agus na hionstraimeachtaí a úsáidfear nó a bheidh beartaithe le bheith in úsáid chun na cionta a choimisiúnú, nó chun cur le coimisiúnú díobh, a rianú, a chalcadh, a bhainistiú agus a choigistiú. Ceadófar leis sin uasdátú ar fhoráil na Treorach a bhaineann le calcadh agus coigistiú mar léiriú ar na hathruithe is déanaí i reachtaíocht an Aontais maidir leis na hábhair sin.

(e) Bunú foirmiúil Sásraí Náisiúnta Atreorúcháin agus Pointí Fócasacha Náisiúnta maidir le hatreorú na n- íospartach

Éilítear ar Bhallstáit faoi láthair in Airteagal 11(4) na bearta a dhéanamh a bhfuil gá leo chun sásraí iomchuí a bhunú arb é is aidhm dóibh íospartaigh a shainaithint go luath, agus cúnamh agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh, i gcomhar le heagraíochtaí tacaíochta ábhartha. Tugtar sásraí atreorúcháin orthu sin chomh maith.

In 2020, thuairiscigh an Coimisiún gur bhunaigh beagnach gach Ballstát sásraí foirmiúla nó neamhfhoirmiúla den sórt sin[23]. Bíonn foirmeacha an- difriúil acu sin ag an leibhéal náisiúnta. D’fhéadfadh na difríochtaí i struchtúr agus i gcleachtais bac nó moill a chur ar atreorú na n- íospartach chuig cosaint, cúnamh agus seirbhísí tacaíochta iomchuí, go háirithe i gcomhthéacs trasteorann, i gcás ina n- aimsítear íospartaigh i dtír eile nach ndearnadh dúshaothrú orthu ann, nó i gcás ina ndéantar dúshaothrú orthu i níos mó ná tír amháin. Beartaíonn an Coimisiún go ndéanann Ballstáit bunú a gcuid Sásraí Náisiúnta Atreorúcháin a chur ar bhonn foirmiúil trí dhlíthe, rialacháin nó forálacha riaracháin agus pointí fócasacha náisiúnta a cheapadh d’atreorú na n- íospartach. Chun an méid sin a dhéanamh, áirítear an ceanglas sin trí mhodhnú Airteagal 11(4).

Táthar ag súil go ndéanfar cuíchóiriú ar chleachtas na sásraí náisiúnta atreorúcháin a thuilleadh leis an togra seo, d’fhonn feabhas a chur ar atreorú na n- íospartach i gcásanna trasteorann. Comhlánófar é sin le forbairt na dtreoirlínte maidir le ceanglais íosta do Shásraí Náisiúnta Atreorúcháin, a chuirfidh le comhchuibhiú tuilleadh a dhéanamh ar a struchtúr agus ar a gcleachtas. Beidh modhnú Airteagal 11(4) ar an gcéad chéim chomh maith i dtreo Sásra Eorpach Atreorúcháin a bhunú, i gcomhréir le Straitéis an Aontais maidir le Gáinneáil ar

21 COM (2022) 245.
22 COM (2022) 245.
23 Staidéar ar athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú Shásraí Náisiúnta agus Trasnáisiúnta Atreorúcháin na mBallstát, 16.10.2020, atá ar fáil ag nasc.

Dhaoine a Chomhrac 2021-2025.

(f) Bunú cionta nua a bhaineann le húsáid seirbhísí arb í is aidhm dóibh dúshaothrú a dhéanamh i bhfios gur íospartach gáinneála é an duine

Éilítear ar Bhallstáit faoi láthair in Airteagal 18(4) cuimhneamh ar bhearta a dhéanamh chun úsáid seirbhísí arb í is aidhm dóibh dúshaothrú a dhéanamh i bhfios gur íospartach ciona gáinneála é an duine a bhunú mar chion cóiriúil. Is foráil roghnach é sin nach bhfuil ar Bhallstáit a thrasuí.

Cé go ndeonaítear solúbthacht na mBallstát leis an gcur chuige sin, tá idir neamhthrasuí iomlán, trasuí teoranta, roinnt cineálacha dúshaothraithe, trasuí iomlán agus glacadh beart níos déine sa teaglaim trasuí. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag neamhchomhchuibhiú den sórt sin ar chomhar trasteorann idir Ballstáit a ghlacann cuir chuige éagsúla. Ina theannta sin, meastar sa Mheasúnú Tionchair go d'fhéadfaí céim chun cinn sa fhreagairt ceartais choiriúil a áireamh i ngníomhaíocht atá dírithe ar éileamh a laghdú. Táthar ag súil go laghdóidh an fócas ar éileamh líon na gcásanna agus líon na n- íospartach trí aghaidh a thabhairt ar na limistéir a spreagann cineálacha dúshaothraithe go léir. Léirigh meastóireacht na Treorach gur ghlac 19 mBallstát reachtaíocht lena ndéantar coiriúlú ar úsáid eolach seirbhísí a bhaintear as íospartaigh gáinneála do chineálacha dúshaothraithe go léir[24] nó reachtaíocht lena ndéantar coiriúlú go díreach nó go hindíreach ar úsáid eolach seirbhísí a bhaintear as íospartaigh dúshaothraithe ghnéasaigh.[25].

Beartaíonn an Coimisiún é a dhéanamh éigeantach do Bhallstáit úsáid seirbhísí arb í is aidhm dóibh dúshaothrú a dhéanamh a bhunú mar chion coiriúil agus a fhios acu gur íospartach an duine de chion gáinneála. Baintear sin amach trí Airteagal 18(4) a scriosadh agus Airteagal 18(a) nua a chur isteach leis an téacs céanna d'Airteagal 18(4) reatha, ach gan an rogha a ligeann do Bhallstáit 'cuimhneamh ar' choiriúlú.

Táthar ag súil go mbeidh tuilleadh comhchuibhithe sa fhreagairt ceartais coiriúla chun laghdú a éileamh de réir an athraithe reachtaigh sin, lena n- áirítear é a chur de cheangal ar Bhallstáit rialacha nua a chur i bhfeidhm do chineálacha dúshaothraithe go léir, agus go mbeidh tionchar dearfach aige ar chomhar i gcásanna trasteorann.

Éilítear ar Bhallstáit faoi láthair i mír 2 na bearta a bhfuil gá leo a dhéanamh chun é a áirithiú go bhfuil cionta a bhaineann leis an úsáid eolach seirbhísí dúshaothraithe inphionóis trí phionóis agus smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha.

(g) Ceanglas tuairiscithe a thabhairt isteach d'Airteagal 18a nua

Tugtar isteach in Airteagal 23(3) ceanglas don Choimisiún tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, ina ndéanfar measúnú ar a mhéid a rinne na Ballstáit na bearta a bhfuil gá leo chun na rialacha nua a chomhlíonadh maidir le húsáid eolach seirbhísí dúshaothraithe chomh maith le tionchar na mbeart sin. Cuirfear an tuarascáil isteach [roimh chúig bliana i ndiaidh an sprioc- ama trasuite]. Áireofar leis sin measúnú agus tuairisciú leordhóthanach ar na bearta arna mbeartú ag an gCoimisiún tar éis teorainn ama leordhóthanach lena gceadaítear go bhféadfar anailís a dhéanamh ar thrasuí agus ar thionchar na rialacha nua.

[24] BG; HR; HU; LT MT PT RO SI. Ina theannta sin, cumhdaíonn reachtaíocht EL dúshaothrú gnéasach agus saothair.

[25] DE, EE, FI, FR, IE, LV, LU, NL, SE, EL, CY.

(h) Ceanglas maidir le bailiú sonraí bliantúil agus tuairisciú ar tháscairí i réimse na gáinneála ar dhaoine

Foráiltear le hAirteagal 19 faoi láthair go ndéanann Rapóirtéirí Náisiúnta agus Sásraí Coibhéiseacha tascanna lena n- áirítear bailiú staitisticí agus tuairisciú i gcomhthéacs an tuairiscithe dhébhliantúil a dhéanann an Coimisiún Eorpach ar an dul chun cinn atá déanta sa chomhrac in aghaidh na gáinneála ar dhaoine. Déantar bailiú sonraí ag leibhéal an Aontais gach dara bliain de réir Airteagail 19 agus 20.

Léirigh meastóireacht na Treorach, áfach, go bhfuil bearnaí tábhachtacha fós sa bhailiú sonraí, go háirithe maidir le táscairí ceartais chóiriúil agus le cionta a bhaineann le húsáid seirbhísí dúshaothraithe, agus gur minic a thagann foilsiú na staitisticí ábhartha isteach go substaintiúil i ndiaidh dheireadh na tréimhse tuairiscithe (de ghnáth timpeall dhá bhliain).

Dá bhrí sin, beartaíonn an Coimisiún ceanglas a thabhairt isteach do na Ballstáit sonraí maidir le gáinneáil ar dhaoine a bhailiú agus a thuairisciú don Choimisiún gach bliain, trí Airteagal 19a nua, lena sonraítear na táscairí i ndáil le bailiú sonraí den sórt sin. Leagtar amach sa chéad mhír an oibleagáid do Bhallstáit sonraí a bhailiú chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a gcórais chun cionta gáinneála a chomhrac. Sonraítear i mír (2) tacar íosta na dtáscairí gur cheart a bheith mar chuid de (líon na n- íospartach cláraithe; líon na ndaoine atá faoi amhras, a ionchúisíodh agus a ciontaíodh i leith cionta dá dtagraítear in Airteagal 2 agus in Airteagal 18(a) atá beartaithe) agus an leibhéal dí- chomhiomlánaithe.

Bunaítear le mír (3) go dtarchuirfidh Ballstáit in aghaidh na bliana don Choimisiún, faoin 1 Iúil gach bliain, na sonraí staidrimh dá dtagraítear i mír 2 le haghaidh na bliana roimhe i bhformáid chaighdeánach arna soláthar ag an gCoimisiún. Chun infhaighteacht na staitisticí a luathú, ba cheart Airteagal 19a a bheith infheidhme ó dháta theacht i bhfeidhm na Treorach leasaithí.

Táthar ag súil go gcuirfidh an beart sin feabhas ar iomláine, ar chomhleanúnachas, agus ar inchomparáideacht na sonraí ar fud na bpointí tagartha éagsúla agus na mBallstát. Cuirfidh sé feabhas chomh maith ar an mbailiú sonraí ag leibhéal an Aontais. Cuirfidh sé sin le feabhsú na tuisceana ar raon feidhme iomlán na gáinneála ar dhaoine laistigh den Aontas. Áireofar leis chomh maith an laghdú ar dhóchúlacht an bhailithe sonraí ó dhá bhliain go bliain amháin go bhfuil na sonraí atá ar fáil go poiblí cothrom le dáta níos mó agus níos gaire do thréimhse thagartha tráth an fhoilsithe.

2022/0426 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 2011/36/AE maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 82(2) agus 83(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

[*Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa*[26]*,*,

*Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún*[27]*,*]

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is coir thromchúiseach í gáinneáil ar dhaoine, a dhéantar go minic faoi chreat na coireachta eagraithe. Is sárú tromchúiseach ar chearta bunúsacha í agus tá toirmeasc sainráite uirthi i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Tosaíocht de chuid an Aontais agus na mBallstát go fóill is ea gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac.

(2) Is é atá i dTreoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28] príomhionstraim dlí an Aontais maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus íospartaigh na coire sin a chosaint. Leagann an Treoir sin creat cuimsitheach amach chun aghaidh a thabhairt ar gháinneáil ar dhaoine trí rialacha íosta a leagan síos maidir le cionta coiriúla agus smachtbhannaí a shainmhíniú. Áirítear leis forálacha coitianta chomh maith chun cosc agus cosaint na n- íospartach a neartú, agus gné na hinscne á cur san áireamh.

(3) Leagtar amach i Straitéis an Aontais maidir le Gáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac 2021-2025[29] freagra beartais a ghlacann le cur chuige ildisciplíneach agus cuimsitheach idir cosc a chur trí íospartaigh a chosaint agus gáinneálaithe a ionchúiseamh agus a chiontú. Áiríodh sraith gníomhaíochtaí ann le cur chun feidhme in éineacht le rannpháirtíocht láidir ó eagraíochtaí sochaí sibhialta. Chun aghaidh a thabhairt ar threochtaí atá ag teacht chun blátha i réimse na gáinneála ar dhaoine, chomh maith le

[26] IO C , , lch. .
[27] IO C , , lch. .
[28] Treoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus na híospartaigh atá thíos léi a chosaint, agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2002/629/CGB ón gComhairle, IO L 101, 15.4.2011, lgh. 1–11.
[29] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Straitéis an Aontais maidir le Gáinneáil ar Dhaoine a Chomhrac 2021- 2025, COM(2021) 171 final, 14.4.2021.

heasnaimh a d'aithin an Coimisiún, agus chun iarrachtaí i gcoinne na coire seo a neartú, is gá, mar sin féin, Treoir 2011/36/AE a leasú. Baineann bagairtí agus treochtaí a aithníodh, a éilítear leo rialacha nua a ghlacadh go háirithe le *modi operandi* na ngáinneálaithe, lena n- áirítear coimisiúnú nó éascú na gcionta a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine trí theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide. Baineann easnaimh i bhfreagra an dlí choiriúil a aithníodh a éilíonn oiriúnú ar an gcreat dlíthiúil le cionta a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine a rinneadh ar mhaithe le daoine dlítheanacha, leis an gcóras bailithe sonraí, agus leis na córais náisiúnta a dhírítear ar luath- aithint na gáinneála, cúnamh le híospartaigh na gáinneála agus tacaíocht dóibh.

(4) Chun dul i ngleic leis an méadú leanúnach ar líon agus ábharthacht na gcionta a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine a dhéantar chun críocha seachas dúshaothrú gnéasach nó saothair, is gá pósadh éigeantais agus uchtú neamhdhleathach a chur san áireamh i bhfoirmeacha saothraithe a liostaítear go soiléir sa Treoir agus chun a áirithiú go dtugann na Ballstáit aghaidh laistigh dá gcórais dlí an raon is leithne agus is féidir de dhúshaothrú, a mhéid a chomhlíonann siad sin eilimintí bunaitheacha na gáinneála ar dhaoine.

(5) Déantar nó éascaítear líon cionta atá ag dul in airde a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine trí theicneolaíochtaí faisnéise nó cumarsáide. Úsáideann gáinneálaithe an t- idirlíon agus na meáin shóisialta inter alia chun íospartaigh a earcú, a fhógairt nó a dhúshaothrú, smacht a fheidhmiú agus iompar a eagrú. Úsáidtear an t- idirlíon agus na meáin shóisialta freisin chun ábhair dhúshaothraithe a dháileadh. Cuireann teicneolaíocht fhaisnéise isteach ar bhrath tráthúil na coire agus ar aithint na n- íospartach agus ar dhéantóir na coire. Mar sin de, tá sé ríthábhachtach gné ar líne na coire a chur san áireamh sa chreat dlíthiúil.

(6) Chun an freagra ceartais choiriúil ar chionta a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine a rinneadh chun tairbhe daoine dlítheanacha agus chun déanamh na gcionta sin a dhíspreagadh, is gá córas na smachtbhannaí in aghaidh daoine dlítheanacha a neartú le cur chuige éigeantach comhréireach. Dá bhrí sin, déantar córas éigeantach smachtbhannaí le linn duine dlítheanach a bheith faoi dhliteanas de bhun Airteagal 5(1) agus (2) a chur in ionad chóras roghnach na smachtbhannaí a leagtar amach i dTreoir 2011/36/AE.

(7) Agus gáinneáil ar dhaoine á comhrac, ba cheart úsáid iomlán a bhaint amach as ionstraimí atá ann cheana féin maidir le calcadh agus coigistiú na bhfáltas agus na n- ionstraimíochtaí ó choireacht, amhail Treoir AE/XX/YY ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [*Treoir Molta maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní*][30]. Úsáid na bhfáltas agus na n-ionstraimíochtaí calctha agus coigistithe ó na cionta dá dtagraítear i Treoir 2011/36/AE chun tacú le cúnamh agus cosaint na n- íospartach, lena n- áirítear cúiteamh na n- íospartach agus gníomhaíochtaí frithgháinneála fhorfheidhmiú an dlí trasteorann de chuid an Aontais, a spreagadh.

(8) Chun an cumas náisiúnta chun íospartaigh a shainaithint ar chéim luath, agus chun iad a chur ar aghaidh go dtí na seirbhísí cosanta, cúnaimh agus tacaíochtaí iomchuí, is gá a bhunú trí dhlíthe, rialacháin, nó forálacha riaracháin Sásraí Náisiúnta Atreorúcháin sna Ballstáit. Is bearta fíor-riachtanacha iad sásraí náisiúnta atreorúcháin foirmiúla agus pointí fócasacha náisiúnta a cheapadh ar mhaithe le hatreorú íospartach chun comhar trasteorann a fheabhsú.

---

[30] COM (2022) 245.

(9) Chun na hiarrachtaí ceartais choiriúil maidir le hísliú éilimh a neartú agus a chomhchuibhiú níos mó ar fud na mBallstát, tá sé tábhachtach úsáid seirbhísí arb í is aidhm dóibh dúshaothrú a dhéanamh leis an eolas agus i bhfios gur íospartach ciona gáinneála é an duine. Is páirt í de chur chuige cuimsitheach maidir le hísliú éilimh é seo a bhunú mar chion coiriúil, atá mar aidhm aige dul i ngleic le leibhéil arda éilimh a chothaíonn gach foirm den dúshaothrú.

(10) Tá bailiú sonraí cruinne agus comhleanúnacha agus foilsiú tráthúil sonraí agus staitisticí a bhailítear bunúsach chun eolasiomlán a áirithiú maidir le raon feidhme na gáinneála ar dhaoine laistigh den Aontas. Táthar ag súil le go mbeidh céim ábhartha i gceist le ceanglas a thabhairt isteach le haghaidh Ballstát le sonraí staidrimh maidir le gáinneáil ar dhaoine a bhailiú agus a thuairisciú don Choimisiún gach bliain ar bhealach comhchuibhithe chun an tuiscint ghinearálta den fheiniméan a fheabhsú agus chun a áirithiú go nglactar le beartais agus straitéisí a bhfuil bunús sonraí leo. Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann le sonraí staidrimh cothrom le dáta a fháil a luaithe is féidir tá sé iomchuí dáta cur i bhfeidhm an airteagail i dtaca le bailiú sonraí a mheas ar an tráth is luaithe, arb ionann é sin agus teacht i bhfeidhm na Treorach seo.

(11) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na Treorach seo, eadhon gáinneáil ar dhaoine a chosc agus íospartaigh na coire seo a chosaint, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bhrí fhairsinge agus éifeachtaí na gníomhaíochta seo, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a dhéanamh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

(12) Tugtar urraim leis an Treoir ar na cearta bunúsacha agus comhlíontar léi na prionsabail a aithnítear leis an gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe meas ar dhínit an duine agus í a chosaint, cosc ar sclábhaíocht, ar shaothar éigeantais agus ar gháinneáil ar dhaoine, an ceart um iomláine an duine, an toirmeasc ar chéasadh agus ar íde nó pionós mídhaonna nó táireach, an ceart chun saoirse agus slándála, sonraí pearsanta a chosaint, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, an tsaoirse chun slí bheatha a roghnú agus an ceart chun obair a dhéanamh, an comhionannas idir mná agus fir, cearta an linbh, cearta na ndaoine faoi mhíchumas, agus an toirmeasc ar leanaí a bheith ag obair, an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach córa, prionsabail na dlíthiúlachta agus na comhréireachta maidir le cionta agus pionóis choiriúla. Go háirithe leis an Treoir seo, féachtar lena áirithiú go n-urramófar na cearta agus na prionsabail sin atá le cur i bhfeidhm dá réir sin.

(13) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 agus le hAirteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d’Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm. [Nó] I gcomhréir le hAirteagal 3 agus Airteagal 4a(1) de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá fógra tugtha ag Éirinn [, trí litir an ...,] gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm na Treorach seo.

(14) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 den Phrótacal maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.

(15) I gcomhréir le Dearbhú Comhpháirteach Polaitiúil an 28 Meán Fómhair 2011 ó na Ballstáit agus ón gCoimisiún maidir le doiciméid mhíniúcháin[31], ghlac na Ballstáit mar chúram orthu féin, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, doiciméad amháin nó níos mó a chur leis an bhfógra maidir lena mbearta trasuite, ar doiciméid iad ina mínítear an gaol idir comhpháirteanna de threoir agus codanna comhfhreagracha na n- ionstraimí náisiúnta trasuite. I ndáil leis an Treoir seo measann an reachtóir go bhfuil údar cuí le doiciméid den sórt sin a tharchur.

(16) Dá bhrí sin ba cheart Treoir 2011/36/AE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Leasuithe ar Threoir 2011/36/AE*

Leasaítear Treoir 2011/36/AE mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, mír 3, cuirtear "nó pósadh éigeantais, nó uchtú neamhdhleathach" ag deireadh na míre.

(2) cuirtear an tAirteagal 2a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 2a*

*Cionta a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine*

*a dhéantar nó a éascaítear trí theicneolaíochtaí faisnéise nó cumarsáide*

Glacfaidh Bhallstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcuirtear bearta a rinneadh trí theicneolaíocht faisnéise nó cumarsáide san áireamh leis na bearta agus na meáin a dhéantar d'aon turas dá dtagraítear in Airteagal 2(1), agus le dúshaothrú mar a leagtar amach in Airteagal 2(3)."

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 6 agus 7:

*"Airteagal 6*
*Smachtbhannaí ar dhaoine dlítheanacha*

1. Glacfaidh Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhfuil duine dlítheanach faoi dhliteanas de bhun Airteagal 5(1) nó (2) faoi réir pionóis choiriúla agus neamhchoiriúla agus, más iomchuí, na smachtbhannaí a leanas:

(a) eisiamh ó theidlíocht i leith sochair phoiblí, cúnaimh phoiblí nó fóirdheontas poiblí;

(b) dúnadh sealadach nó buan bunaíochtaí ar baineadh úsáid astu chun an cion a dhéanamh.

[31] IO C 369, 17.12.2011, lch. 14.

2. Glacfaidh Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhfuil duine dlítheanach faoi dhliteanas de bhun Airteagal 5(1) nó (2) le haghaidh ciona atá á géarú ag aon chúinse a leagtar amach in Airteagal 4(2) faoi réir, más iomchuí, na smachtbhannaí a leanas:

(a) dícháiliú sealadach nó buan ó ghníomhaíochtaí tráchtála a fheidhmiú;

(b) cur faoi mhaoirseacht bhreithiúnach;

(c) foirceannadh breithiúnach.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh smachtbhannaí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach."

*Airteagal 7*
*Calcadh agus coigistiú*

Glacfaidh Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhfuil a n-údaráis inniúla i dteideal, i gcomhréir le Treoir AE/XX/YY ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [*Treoir atá beartaithe maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní*][32], na fáltais a fuarthas ó, agus na hionstraimíochtaí a úsáideadh nó atá beartaithe le bheith in úsáid le haghaidh na cionta a dhéanamh, nó le haghaidh rannpháirtíochta i ndéanamh na gcionta, dá dtagraítear sa Treoir seo a lorg, a chalcadh agus a bhainistiú."

(4) in Airteagal 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá, trí dhlíthe, rialacháin nó forálacha riaracháin, sásraí náisiúnta atreorúcháin a bhunú a bhfuil mar aidhm acu íospartaigh a shainaithint go luath, agus cúnamh agus tacaíocht a thabhairt dóibh, i gcomhar le heagraíochtaí tacaíochta ábhartha, agus chun pointe fócasach náisiúnta a cheapadh le haghaidh atreorú íospartach."

(5) In Airteagal 18, scriostar mír 4.

(6) cuirtear an tAirteagal 18a seo a leanas isteach:

*"Airteagal 18a*

*Cionta a bhaineann le húsáid seirbhísí arb í is aidhm dóibh dúshaothrú a dhéanamh*

*i bhfios gur íospartach é an duine*

*de chion a bhaineann le gáinneáil ar dhaoine*

1. Chun an cosc agus an comhrac in aghaidh gháinneáil ar dhaoine a dhéanamh níos éifeachtaí trí éileamh a dhíspreagadh, déanfaidh Ballstáit na bearta is gá chun úsáid na seirbhísí, arb iad cuspóirí na gáinneála dá dtagraítear in Airteagal 2 iad, a bhunú mar chion coiriúil agus a fhios acu gur íospartach an duine sin de chion dá dtagraítear in Airteagal 2.

2. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go bhfuil cion mar a bunaíodh i gcomhréir le mír 1 inphionóis trí phionóis agus smachtbhannaí éifeachtacha, comhréireacha agus athchomhairleacha."

[32] COM (2022) 245.

(7) cuirtear an tAirteagal 19a seo a leanas isteach:

*“Airteagal 19a*

*Bailiú sonraí agus staitisticí*

1. Baileoidh Ballstáit sonraí staidrimh chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a gcórais chun cionta a chomhrac dá dtagraítear sa Treoir seo.

2. Beidh san áireamh sna sonraí staidrimh dá dtagraítear i mír 1, ar a laghad, an méid seo a leanas:

(a) líon na n- íospartach cláraithe de chionta dá dtagraítear in Airteagal 2, dí- chomhbhailithe de réir eagraíocht chlárúcháin, gnéis, grúpaí aoise (leanbh/duine fásta), saoránachta, agus chineál an dúshaothraithe;

(b) líon na n- amhrastach maidir le cionta dá dtagraítear in Airteagal 2, dí- chomhbhailithe de réir eagraíocht chlárúcháin, gnéis, grúpaí aoise (leanbh/duine fásta), saoránachta, agus chineál an dúshaothraithe;

(c) líon na ndaoine a ionchúisíodh i leith cionta dá dtagraítear in Airteagal 2, dí- chomhbhailithe de réir eagraíocht chlárúcháin, gnéis, grúpaí aoise (leanbh/duine fásta), saoránachta, agus chineál an dúshaothraithe; chineál an chinnidh chríochnaithigh le hionchúiseamh;

(d) líon na gcinntí ionchúisithe (cúiseamh i leith cionta dá dtagraítear in Airteagal 2, cúiseamh i leith cionta coiriúla eile, cinneadh gan cúiseamh a dhéanamh, eile);

(e) líon na ndaoine a ciontaíodh i leith cionta dá dtagraítear in Airteagal 2, dí- chomhbhailithe de réir eagraíocht chlárúcháin, gnéis, grúpaí aoise (leanbh/duine fásta), saoránachta;

(f) líon na mbreithiúnas cúirte (saoradh, ciontú, eile) i leith cionta dá dtagraítear in Airteagal 2, le haghaidh cinntí den chéad chéim, den dara céim agus cinntí ón gcúirt deiridh (nó ón ardchúirt);

(g) líon na n- amhrastach, na ndaoine a ionchúisíodh agus a ciontaíodh i leith cionta dá dtagraítear in Airteagal 18a, dí- chomhbhailithe de réir gnéis, grúpaí aoise (leanbh/duine fásta).

3. Tarchuirfidh Ballstáit in aghaidh na bliana don Choimisiún, faoin 1 Iúil gach bliain, na sonraí staidrimh dá dtagraítear i mír 2 le haghaidh na bliana roimhe.

(8) In Airteagal 23, cuirtear an mhír 3 seo a leanas isteach:

“3. Cuirfidh an Coimisiún, [*roimh chúig bliana i ndiaidh an sprioc-am trasuite*], tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, a dhéanann measúnú ar an méid a ghlac Ballstáit na bearta is gá chun Airteagal 18a a chomhlíonadh agus an tionchar ó bhearta den sórt sin.”

*Airteagal 2*

1. Tabharfaidh Ballstáit na dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin is gá i bhfeidhm chun an Treoir seo a chomhlíonadh roimh bhliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha sin, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

2. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

3. Pointe (7) d'Airteagal 1, a chuireann Airteagal 19a isteach i dTreoir 2011/36/AE, cuirfear i bhfeidhm é ar an lá dá dtagraítear in Airteagal 3.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo, i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*